2026/1788

24.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1788 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, is allmhairí iad atá faoi réir dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún ([2]).

(2) Ba cheart dhá chód TARIC ([3]) 7318 22 00 31 agus 7318 22 00 95, 'a choinsínítear ón Malaeisia,' a thagann ó imscrúdú frith-imchéimniúcháin roimhe sin maidir leis an táirge céanna a dhúnadh nuair a chuaigh na bearta frithdhumpála in éag an 28 Feabhra 2016.

(3) Coinníodh na cóid sin de thaisme i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 agus bailíodh dleachtanna frithdhumpála gan bunús dlí bailí ó bhí 2022 ann. Ba cheart, dá bhrí sin, aon dleachtanna den sórt sin a bhailítear a aisíoc i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

(4) Scrúdaigh an Coimisiún an cás agus tháinig sé ar an gconclúid gur cheart na cóid a scriosadh ó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, na cóid a scriosadh go cúlghabhálach agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 18 Feabhra 2022, arb é dáta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191.

(6) Ar na cúiseanna sin, is iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 a leasú chun scriosadh an dá chód TARIC a léiriú.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Forchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach, seachas cruach dhosmálta, i.e. scriúnna le haghaidh adhmaid (gan scriúnna cóiste san áireamh), scriúnna féintapála, scriúnna eile agus boltaí a bhfuil cinn orthu (bíodh a gcnónna agus a leicneáin leo nó ná bíodh, ach gan scriúnna agus boltaí chun ábhar tógála iarnróid a fhosú san áireamh), agus ar leicneáin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, a aicmítear faoi chóid AC 7318 12 90, 7318 14 91, 7318 14 99, 7318 15 58, 7318 15 68, 7318 15 82, 7318 15 88, ex 7318 15 95 (cóid TARIC 7318 15 95 19 agus 7318 15 95 89), ex 7318 21 00 (cóid TARIC 7318 21 00 31, 7318 21 00 39, 7318 21 00 95 agus 7318 21 00 98) agus ex 7318 22 00 (cóid TARIC 7318 22 00 39 agus 7318 22 00 98).'

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/191/oj).
([3]) Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 2

Aon dleacht chinntitheach a íocadh de bhun Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ar allmhairí táirgí a thagann faoi chóid TARIC 7318 22 00 31 agus 7318 22 00 95, déanfar í a aisíoc i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 18 Feabhra 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN